

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Tine san lúntlainn, agus oighearshruthanna san Iorua. Is iomaí codarsnacht idir na hábhair éagsúla a bhíonn san iris seo. Sílim gur daoine ildánacha ár léitheoirí. Is cinnte gurb amhlaidh ár scríbhneoirí, na filí a scríobhann gearrscéalta san áireamh. Tá scéal le Máire Wren (a fuair duais freisin, ó Fhoras na Gaeilge ag Féile Litríochta Lios Tuathail, 2010) an uair seo, agus bhí a cuid filíochta (a fuair duais eile...) againn roimhe seo. Tá alt agus grianghraif againn ó chomhpháirtí eagarthóireachta na hirise seo, Gearóid Ó Laoi - dochtúir, fear na rothaíochta, agus a lán eile is ea é chomh maith. Agus ná bíim ag trácht ar mhéid na dteangacha atá ag Panu Höglund...

Táimid éagsúil óna chéile, freisin. Cuirimid spéis i nithe difriúla. Ach féachaint go mbíimid ag teacht le chéile ar na leathanaigh seo, faighimid blas de gach saghas ruda, idir te agus fuar. Bíonn filíocht is scoláireacht araon ann, agus an uile rud eatarthu. Is beathú agus cothú dúinn sin go léir. Ní cheapaim féin go mbíonn aon rud i gcló againn leadránach riamh. Sin atá uaim. Ach mura bhfuil suim agat sa ghinealach nó sa cheol, bíonn go leor stuif eile mar sin féin! Molaim, más fuar agat rud áirithe, teacht ar ais chuige am éigin eile, agus b'fhéidir go mbeadh sé níos teo agat ansin. Mar a dúirt an fáidh, "Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir." Bíonn gá le tine, agus le hoighear. Mar atá a fhios ag an duine pósta, ámh, ní minic a bhíonn beirt sásta leis an teocht chéanna ag an am céanna... An éagsúlacht abú, mar sin féin!

Bíonn dhá léamh ar gach scéal. Tá dhá dhán dar teidil *Tine agus Oighear* san eagrán seo. Aistriúchán ón mBéala ceann acu, agus ceann le déagóir a fuair duais i gcomórtas Dhún Laoghaire blianta ó shin an ceann eile. Is é seo dara hinsint ar an gceann a scríobh Robert Frost, agus dara haitheantas don cheann a scríobh Neil Sharpson. Bhí an dán sin ina chodladh ar an idirlíon, agus tháinig mé air agus mé ag lorg tagairt don choincheap 'tine agus oighear' i scríobh na Gaeilge. Tháinig a thráth in athuair - chomh tapaidh le hoighearshruth, b'fhéidir, ach tháinig! Tá Neil in inmhe anois, cinnte - tráth eile dá shaol a bhí ann i 2000 - ach tá an Ghaeilge fós aige, agus tá ag éirí go breá leis mar aisteoir is mar scríbhneoir.

Scéalta óna óige atá ag Muiris Ó Bric. Siad seo na cinn dheireanacha sa tsraith scéalta seo, faraor, ach táthar ag súil go mbeidh ábhar eile leis againn amach anseo. Codarsnacht idir teas na hóige agus fuacht an tsaoil atá ann, i measc smaointí eile. Tráth deireanach saoil dhuine atá ann mar ábhar scéil Mháire. Gnéithe éagsúla idir solas is dorchadas, saothar is spraoi, amuigh is istigh, sna dánta le Doireann Ní Ghríofa. Bíonn *chiaroscuro* áirithe ag baint le saothar filíochta Tim Quinlan, freisin. Teicneolaíocht nua-aimseartha atá ann i ndán le Greagóir Ó Dúill. Tráthanna luatha stair na hÉireann atá i gceist sna hait le Réamonn Ó Cléirigh agus Gearóid Ó Ceallaigh. Ceol sna scannáin idir sean agus nua atá á phlé ag Lugh De Paor. Blasanna de shaghsanna éagsúla, cosúil le *smorgasbord*. Rud atá sa scéal le Gearóid, mar is as an Iorua a leithéid sin...

Dála an scéil - cá bhfuil an lúntlainn? Cheap mé ar dtús gurb é baile na Lochlannach é, *Jutland*, mar tá cosúlachtaí ann. An Danmhairg atá sa chuid is mó de *Jutland*, ach is leis an nGearmáin a bhun. Meascán de dhaoine atá ina chónaí ann, go díreach mar sa scéal. Ach is tír shamhailteach í an lúntlainn, mar sin féin. Dar le Panu, tá a hainm bunaithe ar *juntti* na Fionlainnise, a chiallaíonn 'tuathalán'.

Bíonn deacrachtaí ann minic go leor nuair a thagann tine agus oighear trasna ar a chéile - nó daoine difriúla. Uaireanta bíonn an bua ag ceann acu ar an gceann eile. Uaireanta bíonn siad ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar a chéile, ach ní éiríonn le ceachtar acu. In áiteanna mar an Íoslainn, ní hannamh tine agus oighear le chéile mar rud nádúrtha. Níl a fhios againn conas a chríochnófar an scéal faoin lúntlainn - ach tá a fhios againn gur scéal le háireamh atá ann.

Bíimid ag iarraidh scéal na hirise seo a scaipeadh mar thine. Táthar ag súil go dtógfaidh tú caor as agus go dtabharfaidh tú do chara nó do ghaol é. Ba mhaith linn bheith mar spreagadh chun smaointí a adhaint ionat - agus go dtiocfá ar ais chugainn le do chuid smaointe féin. Idir an dá linn, bímis ag scátáil ar aghaidh linn ar oighear sleamhain na Gaeilge. Cé go bhfuil an t-earrach buailte linn!